


**Children from the Myshall Playgroup and Montessori School enjoy their Christmas Party in the Myshall Community Hall**
Photo: Michael O'Rourke

## Grange

CONTACT: DENIS RUSCHITZKO TEL: 086 3276279
EMAIL: DRUSCHITZKO@EIRCOM.NET



THERE was no winner in last week's Grange GFC lotto draw for a jackpot of €13,500. The lucky dip winners were Ann and Barry Shannon, c/o Jim O'Neill, Unknown, c/o Alice Shelly, with seller's prize going to Gordon Hegarty, each received €40. The next draw for a jackpot of €13,500 will be held in The Hogan Stand on Wednesday night, 21 December, which is also the promoters' Christmas party night. You can get you lotto ticket for just €2 and be in with a chance of winning a great Christmas present. At a recent committee meeting, a vote of sympathy was passed with the Maher family, Carlow Road, Nolan family, Grangeford and the Butler family, Rathbawn. It was also decided to hold the club's 50th AGM in the clubhouse on Friday 13 January at 8pm. All are welcome, especially new members.

**CHRISTMAS CEREMONIES**

The following are the arrangements for this year's Christmas ceremonies: Confessions: Tullow, after morning Mass on Thursday, 22 December, Friday 23 and Saturday 24, Christmas Eve 6.30pm to 7.30pm; Grange, Tuesday 20 December at 6.30pm; Ardattin, Tuesday 20 December at 830pm; Masses: Tullow, Christmas Eve vigil at 10pm; Grange, Christmas Eve vigil at midnight; Ardattin, Christmas Eve vigil at 8pm; Christmas Day: Tullow, 8.30am and 11.30am; Grange, 9.30am; Ardattin, 10.30am.

# Glór Cheatharlach

## Ag glaoch ar iarscoláirí Ghaelscoil agus Ghaelcholáiste Cheatharlach

Déanfar tríocha bliain d'oideachas trí mheán na Gaeilge i gCeatharlach a cheiliúradh sa bhliain 2012. Bunaiodh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc le fiche naíonán ar an gcéad lá de Mhí Mheán Fómhair 1982 agus is iontach an fás agus an fhorbairt a tháinig ar an scoil bliain i ndiaidh bliana. Tá an scéal céanna fíor faoi Ghaelcholáiste Cheatharlach a thosaigh sa bhliain 1990 le deichniúr macléinn agus a d'imigh ó neart go neart ó shin i leith. I láthair na huaire tá beagnach 500 dalta ag freastal ar an mbunscoil lánghaeilge agus tá 335 déagóirí san iarbhunscoil lánghaeilge. Tá líon na múinteoirí méadaithe go beagnach seasca idir an dá scoil agus tá dhá fhoirgneamh galánta le gach áis iontu tógtha. Cé a chreidfeadh tríocha bliain ó shin go mbeadh an scéal amhlaidh!

Déanfar ceiliúradh ar an tríocha bliain d'oideachas trí Ghaeilge le teacht le chéile na n-iarscoláirí go léir chomh maith le tuismitheoirí agus múinteoirí na scoileanna ar Dhomhnach Cásca. Leanfar leis na ceiliúraidh thar saoire na cásca i dteannta na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a bheidh ar siúl i gCeatharlach ó 10ú go 15ú Aibreán. Beifear ag súil le seachtain ollmhór ach chuige sin ní foláir na gcéadta teaghlach a chur ar an eolas. I gcomhar le bainistíocht an dá scoil tá cuireadh ar ais curtha suas ag Glór Cheatharlach ar leathanach facebook ach táthar ag glaoch ar na hiarscoláirí féin chun an t-eolas a scaipeadh níos mó fós. Tá neart le ceiliúradh againn. Tríocha bliain ag fás… bígí linn!




**Dreoilín Cheatharlach réidh do Lá le Stiofán**

## Beannachtaí na Nollag

Is iomaí cárta a sheolfar an Nollaig seo mar a dhéantar gach bliain. Is nós deas é Cártaí Nollag a sheoladh chun teagmháil a choiméad idir dhaoine sa bhaile agus go háirithe i bhfad i gcéin. Tá rogha leathan de chártaí as Gaeilge agus cártaí dhátheangacha ar díol ins na siopaí. Is deas an nós é freisin an bheannacht a scríobh as Gaeilge ar na cártaí agus seo thíos roinnt samplaí de bheannachtaí atá oiriúnach don séasúr.

| | |
|---|---|
| Nollaig Shona | A Happy Christmas |
| Beannachtaí ort um Nollaig | Greetings to you at Christmas |
| Nollaig Bheannaithe | A Holy Christmas |
| Beannachtaí na Nollag | Christmas Greetings |
| Ádh Mór ort san Athbhliain | Good Luck in the New Year |
| Athbhliain faoi mhaise | A prosperous New Year |

## Dreoilín Cheatharlach

Is nós ceilteach agus traidisiúnta é an Dreoilín. Titeann Lá an Dreoilín ar Lá le Stiofán, an 26ú Nollaig, agus ar an lá áirithe seo gléasann daoine idir óg agus fásta iad féin le haghaidheanna fidil, balcaisí agus sciortaí tuí agus téann siad timpeall ó theach go teach ag canadh, ag seinm ceoil agus ag damhsa. Is iontach an radharc é agus is iontach an fháilte a chuirtear roimh an Dreoilín. Bailítear airgead ar an slí ar son carthanachtaí éagsúla agus bíonn daoine fial flaithiúil i gcónaí.

Is in iarthar na tíre is treise atá nós an dreoilín. Deineadh aiséirí air i gCeatharlach sa bhliain 2004 agus tá sé ag dul ó neart go neart ó shin. Eagraithe ag Glór Cheatharlach i gcomhar le rinceoirí seite na Dolmaine, tá breis is €20,000 bailithe do charthanachtaí éagsúla thar na mblianta.

Beidh dhá ghrúpa den dreoilín amuigh ar Lá le Stiofán i mbliana. Tabharfaidh Dreoilín Cheatharlach cuairt ar na hothair in Ospidéal an Chroí Naofa san iarnóin. Ina dhiaidh sin tabharfaidh siad cuairteanna ar na tithe tábhairne áitiúla ag damhsa, ag canadh agus ag ceol agus iad ag bailiú airgid ar son Fhoireann Chúram Bhaile. Ag an am céanna beidh Dreoilín Ghleann Uiseann ag dul ó bhaile go baile ag bailiú airgid ar son Vonnie Bolton agus a saothar i Nígéir na hAfraice. Gan dabht beidh daoine fial flaithiúil leis an dá ghrúpa. Sea go deimhin, is iontach an nós é an dreoilín agus is fiú é a thabhairt ar aghaidh don chéad ghlúin eile.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| Dreoilín Cheatharlach | Carlow Wrenboys |
| nós ceilteach | celtic custom |
| fial flaithiúil | generous |
| carthanachtaí | charities |
| iarnóin | afternoon |
| cuairt | visit |

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**

**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**

eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!